
LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

# An Cuarbhóthar Thuaidh (Sráid Dorset Íochtarach go Sráid Amiens)

## Scéim Taistil Ghníomhaigh



### Imeacht Eolais Phoiblí

**Déardaoin 30ú Iúil 2026, 4-7in**

Óstán Pháirc an Chrócaigh,
Bóthar Mhic Sheoin, D03 E5Y8




## FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Tá sé mar aidhm ag an scéim 1.1km seo conair iompair níos sábháilte, níos inrochtana agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil do gach úsáideoir bóthair, agus béim ar leith á leagan ar shiúl, ar ghluaiseacht ar rothaí agus ar rothaíocht.

Meastar go dtosóidh an tógáil i mí Lúnasa 2026. Meastar go dtógfaidh sé 18-20 mí na hoibreacha a chur i gcrích. Oibreoimid chun cur isteach a íoslaghdú a mhéid is féidir.

Cuirfear nuashonruithe maidir le bainistíocht tráchta agus tógáil ar fáil ag: www.dublincity.ie/NCR

Is féidir leat clárú freisin le Foláirimh CCBÁC, an tseirbhís fógraí ríomhphoist saor in aisce: alerts.dublincity.ie/activetravel-public



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## Príomhfheabhsuithe

- Lánaí rothaíochta scartha ar ardchaighdeán sa dá threo
- Trasrianta níos fearr do choisithe agus do rothaithe
- Uasghráduithe ar chosáin agus ar dhromchlaí carrbhealaigh
- Acomhail uasghrádaithe ag Bóthar Belvidere, Sráid Mhic Giobúin agus Paráid Chnoc an tSamhraidh
- 'Cosáin leanúnacha' trasna taobhbhóithre beaga
- Sé stad bus nua chun bealach fithiseach 'O' atá molta ag BusConnects a éascú
- Bearta feabhsaithe maidir le soilsiú poiblí, glasú agus tírdhreachú

Chun na feabhsuithe seo a chumasú, beidh gá le hathruithe ar pháirceáil ar an tsráid agus ar na castaí a cheadaítear ag roinnt acomhal.

Tá líníochtaí dearaidh ar fáil le breathnú orthu freisin ag:

- An Lárleabharlann, Ionad ILAC, D01 DY80
- Leabharlann Mheal Charleville, An Trá Thuaidh, D01 AX99
- www.dublincity.ie/NCR



## Déan teagmháil linn

activetraveloffice@dublincity.ie (01) 222 2536

Tar anseo agus labhair leis an bhfoireann tionscadail ag **Oíche Eolais Réamhthógála** ar siúl Déardaoin, 30ú Iúil 2026, ó 4in go 7in, in Óstán Pháirc an Chrócaigh, Bóthar Mhic Sheoin, D03 E5Y8.